C/2024/2118

11.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11497 – CIP / MIESCOR / PHPL / PHC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2118)

1. An 27 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Connect Infrastructure Pte. Limited ('CIP', Singeapór), de chuid an ghrúpa Stonepeak atá faoi rialú Michael Dorrell,

— Meralco Industrial Engineering Services Corporation ('MIESCOR', na hOileáin Fhilipíneacha), faoi rialú Pilipinas Enterprise Management Holdings, Inc., (na hOileáin Fhilipíneacha),

— PTCI Holdings Pte. Limited ('PHPL', Singeapór), faoi rialú comhpháirteach Macquarie Group Ltd. (an Astráil), agus Global Network Inc. (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Pylon Holdings, Corp. ('PHC', na hOileáin Fhilipíneacha).

Gheobhaidh CIP, MIESCOR, agus PHPL rialú comhpháirteach ar PHC de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é CIP, a rialaíonn, i gcomhpháirt le MIESCOR, MIESCOR Infrastructure Development Corporation ('MIDC'), corparáid atá i mbun gnó spás a ligean ar cíos ar thúir teileachumarsáide sna hOileáin Fhilipíneacha.

— Is le seirbhísí innealtóireachta, tógála agus deartha atá MIESCOR bainteach go príomha.

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é PHPL. Sealbhaíonn sé, go hindhíreach, 100 % de Phil-Tower Consortium Inc. ('PTCI'), corparáid atá i mbun gnó spás a ligean ar cíos ar thúir teileachumarsáide sna hOileáin Fhilipíneacha.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais PHC: Is eintiteas nuachruthaithe é an cuideachta, agus coinneoidh sé ag reáchtáil ghnó MIDC agus PTCI atá ann cheana, is é sin spás a ligean ar cíos ar thúir teileachumarsáide sna hOileáin Fhilipíneacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.11497 – CIP / MIESCOR / PHPL / PHC)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË